

An Ceathrú Tuarascáil Bhliantúil
ó Chathaoirleach an Phainéil Breithneoirí um Chonarthaí Foirgníochta,
ó thosach feidhme an Achta um Chonarthaí Foirgníochta, 2013

1. Réamhrá

1.1 Áirítear le mo ról mar Chathaoirleach an Phainéil Breithneoirí um Chonarthaí Foirgníochta ceanglas go dtuairisceoinn go bliantúil don Aire Stáit sa Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, atá freagrach as an Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013.

1.2 Is é seo an Ceathrú Tuarascáil Bhliantúil ó thosach feidhme an Achta um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 a chuimsíonn an tréimhse ón 26 Iúil 2019 go dtí an 25 Iúil 2020.

2. Achtú agus tosach feidhme an Achta um Chonarthaí Foirgníochta, 2013

2.1 Shínigh an tUachtarán Micheál D. Ó hUigín an Bille um Chonarthaí Foirgníochta ina dhlí an 29 Iúil 2013. I mí Dheireadh Fómhair 2014, d'fhaomh an Rialtas aistriú freagrachta as cur i bhfeidhm an Achta um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 chuig an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

2.2 I ndiaidh feachtas náisiúnta faisnéise leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, tháinig an tAcht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 i bhfeidhm do chonarthaí áirithe foirgníochta ar tugadh fúthu tar éis an 25 Iúil 2016 i gcomhréir leis an Ordú um an Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 (An Lá Ceaptha), 2016 (Ionstraim Reachtúil Uimh. 165 de 2016).

3. Achoimre ar phríomhfhórlacha an Achta um Chonarthaí Foirgníochta, 2013

3.1 Is é cuspóir an Achta um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 íocaíochtaí a rialú faoi chonradh foirgníochta a chuimsítear faoin Acht. Baineann sé le conarthaí i scríbhinn agus ó bhéal araon. Tá conarthaí áirithe díolmhaithe ón Acht. Is iad na díolúintí sin: conradh nach mó a luach ná €10,000; conradh Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí; agus conradh um áit chónaithe nach mó ná 200 méadar cearnach, sa chás go bhfuil ceann de na páirtithe ina chónaí ann nó go bhfuil sé i gceist aige cónaí ann. Déantar foráil leis an Acht maidir le cearta agus oibleagáidí nua dlíthiúla ar na páirtithe le conradh foirgníochta ábhartha. Forchuirtear íosfhorálacha conartha a bhaineann le híocaíochtaí leis an Acht – go háirithe i dtaobh uainiú na n-íocaíochtaí – agus ní fhéadfaidh na páirtithe le conradh foirgníochta ábhartha diúltú a bheith páirteach ina fhorálacha. Toirmeascann an tAcht freisin an cleachtas ‘íoc nuair a íoctar’, seachas i gcás tríú páirtí le conradh a éiríonn dócmhainneach.

3.2 Áireofar le conradh foirgníochta a chuimsítear faoin Acht:

- méid gach íocaíochta eatramhaí agus deiridh nó sásra leordhóthanach chun na méideanna sin a chinneadh;
- an dáta éilimh ar íocaíocht do gach méid a bheidh dlite nó sásra leordhóthanach chun na dátaí sin a chinneadh; agus
- an tréimhse idir an dáta éilimh ar íocaíocht agus an dáta a bheidh an méid dlite amhlaidh.

- 3.3** Mura bhfuil an fhaisnéis thuasluaite sa phríomhchonradh foirgníochta, is iad seo a leanas na dátaí éilimh ar íocaíocht a bheidh i bhfeidhm faoin gconradh:
- 30 lá tar éis dháta thosach feidhme an chonartha foirgníochta;
 - 30 lá tar éis an dáta éilimh ar íocaíocht thuasluaite agus gach 30 lá ina dhiaidh sin suas go dtí dáta an chríochnaithe shubstaintiúil; agus
 - 30 lá tar éis dháta an chríochnaithe deiridh.
- 3.4** Anuas air sin, ní bheidh an dáta ar a mbeidh íocaíocht dlite i ndáil le méid a éileofar faoi chonradh níos déanaí ná 30 lá tar éis an dáta éilimh ar íocaíocht.
- 3.5** Déantar foráil san Acht maidir le cosaintí reachtúla tábhachtacha le haghaidh fochonraitheoirí i dtionscal na foirgníochta. Ní mór go n-áireodh fochonarthaí na dátaí éilimh ar íocaíocht seo a leanas ar a laghad:
- 30 lá tar éis dháta thosach feidhme an chonartha foirgníochta;
 - 30 lá tar éis an dáta éilimh ar íocaíocht thuasluaite agus gach 30 lá ina dhiaidh sin suas go dtí dáta an chríochnaithe shubstaintiúil; agus
 - 30 lá tar éis dháta an chríochnaithe deiridh.
- 3.6** Ní bheidh an dáta ar a mbeidh íocaíocht dlite i ndáil le méid a éileofar faoi fhochonradh níos déanaí ná 30 lá tar éis an dáta éilimh ar íocaíocht.
- 3.7** Ceanglaítear leis an Acht ar Pháirtí Curtha i gCrích fógra um éileamh ar íocaíocht a sheachadadh ar an bPáirtí Eile (nó ar dhuine eile a bheidh sonraithe faoin gconradh foirgníochta a fheidhmíonn don Pháirtí Eile), tráth nach déanaí ná cúig lá tar éis an dáta éilimh ar íocaíocht. Má chonspóideann an Páirtí Eile an méid a éilíonn an Páirtí Curtha i gCrích atá dlite agus iníoctha, déanfaidh an Páirtí Eile (nó an duine a fheidhmíonn don Pháirtí Eile) freagra a sheachadadh ar an bPáirtí Curtha i gCrích, tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis an dáta éilimh ar íocaíocht, ina sonrú:
- an chúis nó na cúiseanna atá leis an díospóid faoin méid a éilíonn an Páirtí Curtha i gCrích san fhógra um éileamh ar íocaíocht, lena n-áirítear aon éileamh ar chaillteanas nó damáiste a eascraíonn as sárú líomhnaithe ar aon oibleagáid chonartha nó eile a rinne an Páirtí Curtha i gCrích; agus
 - an méid, más ann dó, a bheartaítear a íoc leis an bPáirtí Curtha i gCrích agus an bonn ar a ríomhtar an méid sin.
- 3.8** D'fhéadfadh na páirtithe leis an gconradh foirgníochta teacht ar chomhaontú faoin méid atá le híoc leis an bPáirtí Curtha i gCrích. Ach mura dtagtar ar chomhaontú den sórt sin faoin dáta a bhfuil an íocaíocht dlite, ceanglaítear ar an bPáirtí Eile an méid, más ann dó, a bheartaigh an Páirtí Eile a íoc ina fhreagra ar an bhfógra conspóidithe um éileamh ar íocaíocht, a íoc leis an bPáirtí Curtha i gCrích.
- Déanfar an íocaíocht sin faoin dáta a mbeidh an íocaíocht dlite de réir Alt 4(3)(b) den Acht.
- 3.9** Sonraítear in Alt 5 den Acht i gcás nach mbeidh aon mhéid a bheidh dlite faoi chonradh foirgníochta íoctha go hiomlán ag an bPáirtí Eile faoin dáta a mbeidh an íocaíocht dlite, féadfaidh an Páirtí Curtha i gCrích obair faoin gconradh foirgníochta a fhionraí trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Pháirtí Eile.

- 3.10** Thug an tAcht isteach, den chéad uair riamh in Éirinn, ceart nua do pháirtí le Conradh foirgníochta, mar a shainmhínítear faoi Alt 1 den Acht, díospóid faoi íocaíocht a chur ar aghaidh le haghaidh breithiúnais mar bhealach chun an díospóid sin a réiteach. Tá sé i gceist leis an Acht go dtabharfar breithiúnais chun críche laistigh de thréimhse ghairid, i.e. 28 lá ón dáta a gcuirtear an díospóid faoi bhráid Breithneora. Cuirfear síneadh leis an tréimhse sin i gcúinsí áirithe. Mura bhfuil na páirtithe le Conradh foirgníochta in ann a chomhaontú Breithneoir a cheapadh, féadfaidh ceann de na páirtithe iarratas a dhéanamh liomsa, i mo cháil mar Chathaoirleach Phainéal Aireach na mBreithneoirí, ar Bhreithneoir a cheapadh.
- 3.11** Tá faisnéis níos mionsonraithe faoin Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta (www.dbei.gov.ie).

4. Forghníomhú Chinntí na mBreithneoirí

- 4.1** Leathnaíodh Rialacha na nUaschúirteanna chun foráil maidir le forghníomhú chinntí na mBreithneoirí ag an Ard-Chúirt a chuimsiú faoin Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 – Rialacha na nUaschúirteanna (An tAcht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013) 2016 (Ionstraim Reachtuil Uimh. 450 de 2016).

5. Iarratais le Cathaoirleach Phainéal Breithneoirí na gConarthaí Foirgníochta le haghaidh ceapachán Breithneora faoi Alt 6(4) den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013

- 5.1** Mar Chathaoirleach Phainéal Breithneoirí na gConarthaí Foirgníochta, ceanglaítear orm Breithneoir a shannadh ó Phainéal na mBreithneoirí a cheapann an tAire i ndiaidh iarratas a dhéantar faoi Alt 6(4) den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 agus a chomhlíonann mír 15 den Chód Cleachtais lena Rialaítear Seoladh Breithiúnas. Tarlaíonn ceapachán Breithneora laistigh de seacht lá d'iarratas i scríbhinn a fháil go hiondúil, seachas má theipeann ar an iarratas mír 15 den Chód Cleachtais a chomhlíonadh nó má theastaíonn tuilleadh eolais ón iarratasóir maidir le nádúr na díospóide, de réir mhír 16 den Chód Cleachtais.
- 5.2** I rith na tréimhse a chuimsítear sa Tuarascáil seo, fuair an tSeirbhís um Breithniú Conarthaí Foirgníochta de chuid na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta 54 iarratas ar Bhreithneoir a cheapadh. Tugann an tSeirbhís sin an tacaíocht riachtanach riaracháin dom chun na hiarratais sin a phróiseáil.
- 5.3** Cheap mé Breithneoir ó Phainéal Aireach na mBreithneoirí i gcás 46 den 54 iarratas a fuarthas. Bhí roinnt de na breithiúnais sin fós ar bun tráth ar cuireadh an Tuarascáil seo i dtoll a chéile.
- 5.4** As an 46 ceapachán, d'éirigh naonúr Breithneoirí as oifig agus rinneadh iarratas eile liom ar an díospóid íocaíochta chéanna i seacht gcinn de na cásanna sin. Cheap mé Breithneoir difriúil i ngach cás. Áirítear na ceapacháin sin in iomlán an 46 ceapachán thuasluaite.

- 5.5** San iomlán, athiontráladh 13 chás i ndiaidh dom Breithneoir a cheapadh ar iarratas a rinneadh níos túisce ar an díospóid íocaíochta chéanna. Tháinig na cásanna sin aníos mar gur éirigh an chéad Bhreithneoir a ceapadh as oifig nó mar gur theip ar an iarratasóir cloí leis an spriocdháta chun an díospóid a chur faoi bhráid an chéad Bhreithneora cheaptha. Sna cásanna sin, ní fhéadfaí leanúint ar aghaidh leis an mbreithiúnas leis an gcéad Bhreithneoir cheaptha. Próiseáladh na cásanna sin ar an mbunús go raibh an díospóid íocaíochta fós idir na páirtithe leis an gconradh foirgníochta agus cuireadh iarratas nua faoi mo bhráid maidir leis an díospóid íocaíochta.
- 5.6** Measadh go raibh ocht n-iarratas nár chlóigh le ceanglais an iarratais ar Bhreithneoir a cheapadh faoi Alt 6(4) den Acht. Chuir na hiarratasóirí i dtír cinn de na hocht gcás sin iarratas leasaithe faoi mo bhráid agus cheap mé Breithneoir ansin i ngach cás díobh siúd. Áirítear na ceapacháin sin in iomlán an 46 ceapachán thuasluaite.
- 5.7** Tá sé tábhachtach go dtabharfaí faoi deara nuair atá Breithneoir á cheapadh faoi Alt 6(4) den Acht go gcaithfidh mé a bhreithniú ar dtús an ann do dhíospóid agus, más ann di, go mbreithním nádúr na díospóide íocaíochta chun a chinneadh, i mo thuairimse, cé a bheadh oiriúnach le ceapadh mar Bhreithneoir ó Phainéal Aireach na mBreithneoirí do dhíospóid mar sin. Ainmním triúr iarrthóirí oiriúnacha agus, bunaithe ar an bhfuil siad ar fáil, chomh maith lena neamhchlaontacht agus neamhspleáchas, roghnaím duine de na hiarrthóirí sin chun feidhmiú i gcáil Breithneora. Ní mheasaim fiúntais an iarratais, toisc nach bhfuil aon ról reachtúil agam i gcúrsaí mar sin a chinneadh.


6. Tuairisceáin sonraí staidrimh ó na Breithneoirí

- 6.1** Leagtar amach ceanglais sa Chód Cleachtais lena Rialaítear Seoladh Breithiúnas do Bhreithneoirí chun faisnéis a thabhairt don tSeirbhís um Breithniú Conarthaí Foirgníochta i ndiaidh ceapacháin (mír 12); i ndiaidh do dhuine éirí as oifig (mír 30); agus ar thoradh cásanna breithiúnais (mír 39), chun sonraí staidrimh anaithnide ar fheidhmiú an Achta a chur i dtoll a chéile.
- 6.2** Tugtar faisnéis mhionsonraithe sa Chuid seo den Tuarascáil ar thoradh na gcásanna breithiúnais, ar thug na Breithneoirí ceaptha faisnéis anaithnid ina leith. Fuair an tSeirbhís um Breithniú Conarthaí Foirgníochta an fhaisnéis sin sa tréimhse a chuimsítear sa Tuarascáil seo. Áirítear leis sin faisnéis faoi chásanna inar chomhaontaigh na páirtithe ceapachán Breithneora, chomh maith leis na cásanna inar cheap mé Breithneoir faoi Alt 6(4) den Acht do dhíospóid íocaíochta. Toisc go bhfuil na sonraí a fhaightear faoi na cásanna sin anaithnid, ba cheart a thabhairt faoi deara nach bpléann an fhaisnéis a leagtar amach sa chuid seo den Tuarascáil le cásanna inar cheap mé Breithneoir faoi Alt 6(4) den Acht agus iad sin amháin.
- 6.3** I rith na tréimhse a chuimsítear sa Tuarascáil seo, fuair an tSeirbhís um Breithniú Conarthaí Foirgníochta 36 tuairisceán sonraí ó na Breithneoirí.
- 6.4** Liostaítear príomhláithreacha na ndíospóidí íocaíochta faoi chaibidil i dTábla 1 agus leagtar amach príomhcháilíochtaí gairmiúla na mBreithneoirí i dTábla 2.


Baile Átha Cliath	16
Cill Mhantáin	4
Corcaigh	3
Cill Dara	3
Loch Garman	3
Muineachán	2
Laois	2
Londain	2
Tiobraid Árann	1
Iomlán	36

Suirbhéir Cainníochta	11
Ánra den Institiúid Cairte Eadránaithe	9
Innealtóir	7
Abhcóide	6
Ailtire	2
Aturnae	1
Iomlán	36


6.5 Leagtar amach i bhFíor 1 thíos catagóirí na bpáirtithe i ndíospóid. Bhain an díospóid ba choitianta a cuireadh isteach do bhreithiúnas le díospóid idir fochonraitheoir agus príomhchonraitheoir, nuair a chuir an fochonraitheoir an t-iarratas isteach.




6.6 Tugtar faisnéis i bhFíor 2 faoi nádúr na ndíospóidí sna cásanna sin. Bhain formhór na ndíospóidí le díospóid faoi íocaíocht deiridh nó eatramhach. Baineann an chatagóir ‘Eile’ le díospóidí a bhain le hairgead coinneála a fhuascailt.




6.7 Tugtar faisnéis i bhFíor 3 ar an méid faoi dhíospóid idir na páirtithe. Bhain an líon ba mhó de na cásanna le méideanna sa raon os cionn €10,000 go €30,000 agus os cionn €100,000 go €500,000.




6.8 Tugtar faisnéis i bhFíor 4 ar stádas an 36 díospóid i ndiaidh na díospóidí a chur faoi bhráid Breithneora. Eisíodh 25 cinneadh Breithneora agus taifeadh ochtar Breithneoirí a d'éirigh as oifig san iomlán.




6.9 Tugtar faisnéis i bhFíor 5 ar thoradh an 25 cinneadh Breithneora. D'éirigh leis an bPáirtí Tarchurtha i 14 chás, d'éirigh leis an bPáirtí Freagartha i sé chás agus bhí cinneadh deighilte idir na páirtithe i gcúig chás.




6.10 Tugtar faisnéis i bhFíor 6 ar an méid a bronnadh i gcinntí na mBreithneoirí. Bhronn an Breithneoir dámhachtain airgid i 17 gcás. Sna hocht gcás eile, níor tuairiscíodh aon dámhachtain airgid toisc gur éirigh leis an bPáirtí Freagartha nó toisc go raibh cinneadh deighilte ann, a d'fhág nach raibh aon dámhachtain airgid i gceist.




6.11 Tugtar faisnéis i bhFíor 7 ar an amscála a bhain le heisiúint chinneadh an Bhreithneora sa 25 cás thuasluaite. Eisíodh cinneadh i bhformhór na gcásanna laistigh de 28 nó 42 lá ón dáta ar cuireadh an díospóid faoi bhráid an Bhreithneora. Bhí dhá chás ann inar eisíodh cinneadh tar éis 42 lá ón dáta ar cuireadh an íocaíocht faoi bhráid an Bhreithneora, le comhaontú na bpáirtithe.



6.12 Tugtar faisnéis i bhFíor 8 ar na táillí in aghaidh na huaire a ghearr na Breithneoirí i 32 cás. In 18 gcás, bhí an táille in aghaidh na huaire a ghearr na Breithneoirí sa raon €251/€300 agus, i seacht gcás, bhí an táille in aghaidh na huaire a gearradh sa raon €201/€250. Níor ghearr Breithneoirí táille in aghaidh na huaire i gceithre chás toisc nach ndearnadh aon bhreithiúnas.



6.13 Ceanglaítear faoin gCód Cleachtais lena Rialaítear Seoladh Breithiúnas gur cheart do mhéid na dtáillí a ghearrann Breithneoir a bheith réasúnach agus aird a thabhairt ar an méid atá faoi dhíospóid, castacht na díospóide, an t-am ar chaith an Breithneoir ar an díospóid agus cúinsí ábhartha eile. Tugtar sonraí i bhFíor 9 ar na táillí iomlána a ghearr na Breithneoirí. I gceithre chás, níor gearradh aon táille toisc nach ndearnadh aon bhreithiúnas.



7. Tráchtairacht agus Conclúidí

- 7.1** Léiríonn an Ceathrú Tuarascáil Bhliantúil seo ó thosach feidhme an Achta um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 méadú beag ar líon na ndíospóidí íocaíochta a cuireadh faoi bhráid an phróisis breithiúnais reachtúil dá bhforáiltear faoin Acht. Ach toisc nach bhfuil foráil tuairiscithe éigeantach san Acht maidir le breithiúnais a dhéantar, ní féidir measúnú cruinn a dhéanamh ar líon na ndíospóidí íocaíochta ábhartha agus ar bhreithiúnais a sheoltar faoin Acht. Cé gur thuairiscigh mé ar na sonraí a tugadh sna cúinsí inar chinn Breithneoirí na sonraí sin a chur ar fáil, ní féidir a rá go cinnte go gcuimsítear gach cás.
- 7.2** Sa tréimhse a chuimsítear sa Tuarascáil Bhliantúil seo, cheap mé 46 Breithneoir faoi Alt 6(4) den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 le haghaidh díospóidí íocaíochta dar bhfiú beagán le cois €35.5 milliún san iomlán. Ní áirítear luach na gcásanna a athiontráladh den dara huair san fhigiúr sin.
- 7.3** Mar a léirítear i bhFíor 1 den Tuarascáil seo, bhain an díospóid ba choitianta a cuireadh isteach le haghaidh breithiúnais le díospóid idir fochonraitheoir agus príomhchonraitheoir. Ar cheann de phríomhchuspóirí an Achta tá cosaint íocaíochta reachtúil a chur ar fáil d'fhochonraitheoirí a mheastar a bheith leochaileach sa timthriall íocaíochta sa tionscal foirgníochta. Mar is léir ó Fhíor 5 den Tuarascáil seo, d'éirigh leis an bPáirtí Tarchurtha go hiomlán nó go páirteach i 19 gcinneadh as an 25 cinneadh Breithneora a tuairiscíodh.
- 7.4** Mar sin féin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur féidir le príomhchonraitheoir díospóid íocaíochta lena fhostóir a chur isteach le haghaidh breithiúnais faoin Acht, agus thuairiscigh Breithneoirí naoi gcás dá leithéid, mar is léir ó Fhíor 1 thuas.
- 7.5** Bhí imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh ar bun a d'eascair as ceapachán Breithneora amháin faoi Alt 6(4) den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013. Toisc go bhfuil na himeachtaí sin fós ar bun, ní bheadh sé cuí aon rud eile a rá faoin gcás sin.
- 7.6** Tarraingítear aird sa Tuarascáil Bhliantúil seo agus sna Tuarascálacha Bliantúla uaim roimhe seo ar an gcaoi a bhfuil páirtithe le conarthaí foirgníochta ag éileamh a gceart faoin Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 agus ag lorg leighis i gcás neamhíocaíochta nó íocaíochta a bhí ró-íseal. Chun díospóidí íocaíochta a sheachaint ar an gcéad dul síos, tá sé tábhachtach go gcloífeadh fostóirí, conraitheoirí agus fochonraitheoirí le ceanglais an chleachtais íocaíochta a leagtar amach san Acht. Ba mhaith liom a mheabhrú má tá páirtí le conradh foirgníochta, mar a shainmhínítear faoin Acht, ag smaoineamh ar dhíospóid íocaíochta a chur isteach le haghaidh breithiúnais, ba cheart cloí leis na nósanna imeachta cuí ar fad a éilítear faoin Acht agus faoin gCód Cleachtais lena Rialaítear Seoladh Breithiúnas. Tá leabhrán faisnéise faoin Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ar www.dbei.gov.ie ina dtugtar faisnéis faoi chéimeanna éagsúla an phróisis breithiúnais.
- 7.7** Ba mhaith liom an deis seo a thapú le mo bhuíochas a ghabháil leis an iar-Stiúrthóir ar an tSeirbhís um Breithniú Conarthaí Foirgníochta, Loughlin Quinn, a chuaigh ar scor anuraidh.

- 7.8** Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a oibríonn sa tSeirbhís um Breithniú Conarthaí Foirgníochta atá freagrach as na hiarratais ar fad a phróiseáil, go háirithe le linn ré dheacair seo phaindéim COVID-19.
- 7.9** Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Painéal Aireachta na mBreithneoirí a ghlac le ceapacháin mar Bhreithneoirí faoi Alt 6(4) den Acht, ar gearrfhógra go minic.

An Dr. Nael G. Bunni,
Cathaoirleach Phainéal Aireach na mBreithneoirí.
Lúnasa 2020